V

*(Fógairtí)*

## NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Glao ar thograí 2023 - EAC/A14/2022**

**An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach**

(2022/C 446/06)

1. **Réamhrá agus cuspóirí**

Tá an glao seo ar thograí bunaithe ar Rialachán (AE) 2021/888 ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, agus ar Chlár Oibre Bliantúil 2023 de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh (C(2022)5757) chomh maith. Clúdaíonn Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh an tréimhse 2021 go 2027. Liostaítear cuspóirí ginearálta agus sonracha Chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh in Airteagal 3 den Rialachán.

2. **Gníomhaíochtaí**

Clúdaíonn an glao seo ar thograí na gníomhaíochtaí seo a leanas de chuid chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh:

— Tionscadail Saorálaíochta

— Foirne Saorálaíochta i Réimsí Ardtosaíochta

— Tionscadail Dlúthpháirtíochta

— Marc Cáilíochta le haghaidh gníomhaíochtaí saorálaíochta dlúthpháirtíochta

— Marc Cáilíochta le haghaidh saorálaíocht i réimse na cabhrach daonnúla

— Saorálaíocht faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil.

3. **Incháilitheacht**

Féadfaidh aon eintiteas poiblí nó príobháideach, bíodh sé neamhbhrabúsach nó brabúsach, áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, cur isteach ar chistiú faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Ina theannta sin, féadfaidh grúpaí daoine óga atá cláraithe ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh iarratas a dhéanamh ar chistiú le haghaidh Tionscadail Dlúthpháirtíochta.

Féadfaidh na tíortha seo a leanas ([2]) páirt iomlán a ghlacadh i ngníomhaíochtaí uile an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh:

— na 27 mBallstát den Aontas Eorpach agus na Tíortha agus na Críocha Thar Lear de chuid an Aontais,

— tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár:

  — tíortha CSTE/LEE: an Íoslainn agus Lichtinstéin,

  — tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas ([3]): Poblacht na Tuirce, Poblacht na Macadóine Thuaidh.

Ina theannta sin, is féidir le heintitis atá bunaithe go dleathach i dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh.

([1]) IO L 202, 8.6.2021, lch. 32.
([2]) Eintitis atá bunaithe go dleathach agus daoine atá ina gcónaí go dleathach sna tíortha sin.
([3]) Faoi réir shíniú na gComhaontuithe Comhlachais déthaobhacha.

Féach Treoir 2023 de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh le haghaidh tuilleadh mionsonraí maidir le módúlachtaí na rannpháirtíochta.

4. **Buiséad agus fad na dtionscadal**

Meastar gurb é EUR 142 200 000 an buiséad iomlán atá curtha in áirithe don ghlao seo ar thograí.

An buiséad iomlán atá curtha in áirithe don ghlao ar thograí, chomh maith lena athroinnt, léirítear é i gClár Oibre Bliantúil 2023 de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a glacadh an 22 Lúnasa 2022, agus féadfar é a mhodhnú faoi réir leasú ar Chlár Oibre Bliantúil an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Iarrtar ar iarratasóirí féideartha dul i gcomhairle go rialta le Cláir Oibre Bhliantúla an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus a leasuithe, a fhoilsítear ar: https://europa.eu/youth/solidarity/organisations/reference-documents-resources.

Braitheann na deontais a bhronntar agus fad na dtionscadal ar fhachtóirí amhail cineál an tionscadail agus cineál na n-iarratasóirí incháilithe.

5. **Sprioc-am maidir le hiarratais a chur isteach**

Tagann deireadh leis an sprioc-am maidir le tíolacadh na n-iarratas a shonraítear thíos ar 12.00 (nóin), am na Bruiséile.

| | |
|---|---|
| Tionscadail Saorálaíochta | an 23 Feabhra 2023 |
| | (babhta roghnach) an 4 Deireadh Fómhair 2023 |
| Tionscadail Dlúthpháirtíochta | an 23 Feabhra 2023 |
| | (babhta roghnach) an 4 Bealtaine 2023 |
| | an 4 Deireadh Fómhair 2023 |

Tagann deireadh leis an sprioc-am maidir le tíolacadh na n-iarratas a shonraítear thíos ar 17.00, am na Bruiséile.

| | |
|---|---|
| Foirne saorálaíochta i Réimsí Ardtosaíochta | an 8 Feabhra 2023 |
| Saorálaíocht faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil | an 3 Bealtaine 2023 |

Is féidir iarratais ar na Marcanna Cáilíochta a chur isteach ar bhonn leanúnach.

Féach Treoir 2023 de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh le haghaidh treoracha mionsonraithe maidir le hiarratais a chur isteach.

6. **Mionsonraí iomlána**

Tá coinníollacha mionsonraithe an ghlao seo ar thograí, lena n-áirítear tosaíochtaí, le fáil i dTreoirleabhar 2023 de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ag an seoladh idirlín seo a leanas: https://europa.eu/youth/solidarity/organisations/calls-for-proposals

Tá Treoirleabhar 2023 de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ina dhlúthchuid den ghlao seo ar thograí agus tá feidhm iomlán ag na coinníollacha rannpháirtíochta agus cistiúcháin a léirítear ann maidir leis an nglao seo.